Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Lúnasa 2020**
**(OR. en)**

**10069/20**

**ECOFIN 699**
**UEM 251**
**FIN 524**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:<br>The European Investment Advisory Hub: Launched to boost investment in the EU, the Hub's impact remains limited [An Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht: Arna sheoladh chun borradh a chur faoin infheistíocht san Aontas, ach tá tionchar an Mhoil teoranta i gcónaí] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *The European Investment Advisory Hub: Launched to boost investment in the EU, the Hub's impact remains limited* [An Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht: Arna sheoladh chun borradh a chur faoin infheistíocht san Aontas, ach tá tionchar an Mhoil teoranta i gcónaí], mar a glacadh de réir an nós imeachta i scríbhinn an 31 Iúil 2020.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *The European Investment Advisory Hub: Launched to boost investment in the EU, the Hub's impact remains limited* [An Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht: Arna sheoladh chun borradh a chur faoin infheistíocht san Aontas, ach tá tionchar an Mhoil teoranta i gcónaí]

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *The European Investment Advisory Hub: Launched to boost investment in the EU, the Hub's impact remains limited* [An Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht: Arna sheoladh chun borradh a chur faoin infheistíocht san Aontas, ach tá tionchar an Mhoil teoranta i gcónaí] agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE cinntí na Cúirte;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cumhdaíodh san iniúchadh oibríochtaí an Mhoil Chomhairligh Eorpaigh maidir le hInfheistíocht (an Mol) ó 2015 go 2018 agus AITHNÍONN SÍ go mbeidh gá le tréimhse níos faide chun measúnú cruinn a dhéanamh ar thionchar ghníomhaíocht an Mhoil i ndáil le píblíne stóinsithe tionscadal agus aibíocht fheabhsaithe tionscadal a bhaint amach;

3. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann leis an Mol ó thaobh aghaidh a thabhairt ar bhearnaí infheistíochta agus an breisluach a ghabhann leis ó thaobh ionstraimí comhairleacha eile de;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI go raibh na tairbhithe thar a bheith sásta leis an gcomhairle a fuair siad, ach mar sin féin AITHNÍONN SÍ gur bhain an Chúirt de thátal as nár léiríodh go fóill, faoi dheireadh 2018, gur uirlis éifeachtach a bhí sa Mhol maidir le borradh a chur faoin infheistíocht agus, dá bharr sin, AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt Iniúchóirí go bhféadfaí feabhas a chur ar réimsí áirithe;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI na moltaí ón gCúirt Iniúchóirí agus go gcomhaontaíonn an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta leis na moltaí sin agus IARRANN SÍ go gcuirfí chun feidhme iad go pras;

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, ag teacht leis an gcéad agus an dara moladh ón gCúirt Iniúchóirí, gur cheart don Mhol a thacaíocht agus a acmhainní a dhíriú ar bhealach níos fearr ar thosaíochtaí CEIS agus InvestEU, mar shampla trí mheasúnú a dhéanamh ar na riachtanais chomhairleacha agus ar an éileamh dóchúil, agus BÉIM Á LEAGAN AICI ag an am céanna ar an tábhacht a bhaineann leis an Mol mar uirlis éileamhbhunaithe;

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, ag teacht leis an tríú moladh, gur gá feabhas a chur ar an gcóras chun feidhmíocht a thomhas trí tháscairí bunaithe ar thorthaí a fhorbairt agus obair leantach a dhéanamh ar thorthaí ó thionscadail chomhairleacha, chun meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar na tionchair agus na torthaí ar cheart don Mhol a bhaint amach;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh an taithí a fuarthas maidir leis an gcomhar idir an Mol agus na Bainc nó Institiúidí Náisiúnta le haghaidh Spreagadh éagsúil, idir thaithí an-dearfach agus chásanna ina raibh an comhar an-teoranta nó in easnamh go hiomlán, cé go raibh roinnt comharthaí feabhais ann le himeacht ama, agus MEASANN SÍ go bhféadfaí infheictheacht an Mhoil a fheabhsú, go háirithe ar an leibhéal áitiúil agus ar líne, *inter alia* i gcomhar leis na Bainc agus Institiúidí Náisiúnta le haghaidh Spreagadh;

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go háirithe an tábhacht a bhaineann leis an gceathrú moladh ón gCúirt Iniúchóirí na ceachtanna a foghlaimíodh ón Mol a ionchorprú i gcur chun feidhme praiticiúil mhol comhairleach InvestEU, d'fhonn é a dhéanamh níos éifeachtaí;

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an mBanc Eorpach Infheistíochta tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis na moltaí a chur chun feidhme a thuilleadh faoi lár 2021.